



Ciorclán 0023/2016

Chuig
BOIRD BAINISTÍOCHTA SCOILEANNA IARBHUNOIDEACHAIS
agus
PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH NA mBORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Ní mór do scoileanna sonraí riachtanacha na ndaltaí a chur ar ais chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ó 2016/17 ar aghaidh chun críoche anailíse agus tuairiscithe i réimsí uilechuimsitheacht shóisialta agus lánpháirtithe.

Éilíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna ar na scoileanna iarbhunoideachais go léir an t-eolas seo a leanas a lorg maidir le hiontrálaithe nua chuig a gcuid scoileanna agus an t-eolas seo a sheoladh ar ais trí Bhunachar Sonraí Iar-bhunscoile ar Líne (P-POD) mar chuid de Thuairisceáin Bhliantúil Dheireadh Fómhair ó scoilbhliain 2016/17 ar aghaidh.

Leanann an cur chuige a bhfuiltear ag glacadh leis ó thaobh na sonraí seo a bhailiú comhairliúcháin na Roinne le comhlachtaí bainistíochta scoileanna iarbhunoideachais, ACCS, ETBI agus JMB agus comhlacht na bpríomhoidí scoile, an NAPD. Chuaigh an Roinn i gcomhairle freisin le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

Is é an t-eolas atá á lorg ag an Roinn maidir leis an dalta:

- Náisiúntacht
- Cé acu Béarla nó Gaeilge máthairtheanga an dalta:
- Cúlra Eitneach agus Cultúrtha an dalta [**Le freagairt ar bhonn deonach**]

Bonn reachtúil chun sonraí daltaí a bhailiú ag scoileanna agus na sonraí sin a roinnt leis an Roinn.

Faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) (ailt 262-266 chomh maith le Sceideal 5 den Acht sin) tugtar cumhacht do scoileanna eolas faoi dhaltaí a bhailiú a fhéadfaidh siad a chur ar fáil don Aire Oideachais agus Scileanna. Tugtar liosta in Ionstraim Reachtúil 317 of 2015¹ de na sonraí daltaí, a náisiúntacht ina measc, a fhéadfaidh an scoil a fháil ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus a fhéadfaidh siad a roinnt leis an Roinn. Maidir le gach iontrálaí nua ó 2016/17 ar aghaidh, baileofar Náisiúntacht in áit Tír Bhreithe, a bailíodh roimhe.

¹ Rialachán Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Iocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú), 2007 (Uimh.1) (faisnéis a roinnt), 2015.

Sonraí daltaí a d'fhéadfadh toiliú a bheidh de dhíth ina leith

Mar gheall go bhfuil Máthairtheanga roghnach, beidh toiliú an tuismitheora/chaomhnóra (nó an dalta sa chás go meastar é/í a bheidh in aois chun toiliú a thabhairt) de dhíth ón scoil chun na sonraí sin a bhailiú agus a roinnt leis an Roinn.

Mar gheall go rangáítear cúlra Eitneach/Cultúrtha faoi chuid 2 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 mar shonraí íogaire pearsanta, beidh toiliú soiléir i scríbhinn an tuismitheora/chaomhnóra (nó an dalta sa chás go meastar é/í a bheidh in aois chun toiliú a thabhairt) de dhíth ón scoil chun na sonraí sin a bhailiú agus a roinnt leis an Roinn.

Conas ba chóir na sonraí a aimsiú.

Níor chóir do scoileanna iarbhunoideachais an t-eolas thuas a lorg ach amháin sa chás go bhfuil glactha ag an dalta agus/nó ag duine atá ag déanamh iarratas thar ceann an dalta le tairiscint ar chlárú sa scoil.

Sainmhínítear an t-eolas atá á lorg mar shonraí pearsanta faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Ba cheart go gcinnteodh scoileanna mar rialaitheoirí sonraí faoi na hAchtanna sin go bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta riachtanacha i bhfeidhm chun na hAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh. Tá comhairle agus treoir maidir le cosaint sonraí ar fáil do scoileanna ar: www.dataprotectionschools.ie

Tagann an t-eolas maidir le cúlra Eitneach agus Cultúrtha laistigh de shainmhíniú sonraí pearsanta atá *íogair* faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Chomhairligh Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí don Roinn toiliú soiléir i scríbhinn tuismitheora/caomhnóra nó an dalta a fháil ar dtús, má measadh iad a bheith inniúil leis an toiliú sin a sholáthar, ar mhaithe leis na sonraí seo a bhailiú agus iad a chur ar ais chuig an Roinn. Tá an fhoirm a bheidh ar chumas scoileanna a úsáid leis an toiliú seo a fháil i gceangal ag [Aguisín A](#).

Tá litir chumhdaigh a fhéadfaidh scoileanna a úsáid chun tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoi na sonraí atá le bailiú faoi na daltaí agus faoin údar atá lena mbailiú, ag gabháil leis seo ag [Aguisín A\(1\)](#), agus tá foirm a fhéadfaidh scoileanna a úsáid chun toiliú a fháil ag gabháil leis seo ag [Aguisín A\(2\)](#). Féadfaidh scoileanna an fhoirm seo a chorprú le haon fhoirm eile a úsáideann an scoil chun eolas a bhailiú faoi na daltaí atá ar an rolla. Ba cheart don scoil gach foirm chomhlánaithe agus shínte a choimeád lena scrúdú ag oifigeach na Roinne Oideachais agus Scileanna nó ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Ba cheart foirmeacha a choimeád chomh fada a bheidh an dalta ar an rolla sa scoil. Sa chás nach dteastaíonn na foirmeacha sin ón scoil chun a gcríoch féin i ndiaidh na tréimhse sin, ba cheart dóibh iad a dhiúscairt go daingean i ndiaidh don dalta an scoil a fhágáil.

Tá ceist maidir le daltaí ón Lucht Siúil mar chuid de cheist nua maidir le cúlra Eitneach agus Cultúrtha anois.

Tabhair ar aird le do thoil ó 2016/17 ar aghaidh go mbeidh an riachtanas roimhe seo d'iontrálaithe nua maidir le heolas sainiúil a bhailiú i ndáil le daltaí ar chomhaltaí don Lucht Siúil iad corpraithe anois sa cheist nua ar chúlra Eitneach agus Cultúrtha. Ba chóir aon cheist ar chomhaltas den Lucht Siúil d'iontrálaithe nua atá sna foirmeacha cláraithe atá á n-úsáid ag scoileanna faoi láthair a bhaint de na foirmeacha sin agus an cheist nua ar chúlra Eitneach agus Cultúrtha a chur ina háit san fhormáid atá leagtha amach in [Aguisín A\(2\)](#) thíos.

Na cuspóirí lena lorgaítear na sonraí seo

Tá na sonraí seo riachtanach ar mhaithe le hanailís staitistiúil agus tuairiscithe i réimsí uilechuimsitheacht shóisialta agus lánpháirtithe. Soláthraítear na mionsonraí maidir leis na cuspóirí sainiúla dá bhfuil gach aon mhír riachtanach in [Aguisín B](#) thíos.

Nochtadh na sonraí seo

Bainfidh an Roinn, i bhformhór na gcásanna, úsáid as na sonraí a chuirtear ar fáil i bhformáid comhiomlánaithe amháin. D'fhéadfaí, i líon teoranta cásanna, sa chás go mbíonn staitisteoírí gairmiúla atá fostaithe ag an Roinn ag déanamh anailís staitistiúil ar na sonraí, taifid aonair a scrúdú, ach ní thabharfar aitheantas na ndaltaí, mar shampla, sa chás go bhfuil measúnú á dhéanamh ar rátaí coinneála dalta.

Ní roinnfidh an Roinn aon eolas a bhailítear maidir le náisiúntacht, Máthairtheanga agus cúlra eitneach/cultúrtha an dalta ach leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) amháin, dá bhforáiltear dó faoi na hAchtanna Staidrimh. Déanfaidh an CSO bainistíocht ar aon sonraí a soláthraítear maidir le dalta ar bhealach sábháilte ar nós an bhealaigh a chaitear leis na sonraí a chuirtear ar fáil tríd an daonáireamh náisiúnta.

Slándáil agus bainistíocht sonraí

Tá an Bunachar Sonraí Iarbhunscoile ar Líne (P-POD) á bhainistiú ag an Roinn. Déanann scoileanna rochtain leis an P-POD trí ghréasán slán ar a dtugtar esinet. Laistigh den Roinn, níl rochtain ar shonraí daltaí ach ag líon beag foirne (tuairim is 15), a sholáthraíonn tacaíocht theicniúil do scoileanna a bhaineann úsáid as an P-POD, nó a oibríonn sa réimse a dhéileálann le hanailís staitistiúil. Fiú sna cásanna sin, níl rochtain ag na baill foirne sin ar na sonraí ach amháin chun críocha iomchuí.

Coinneáil sonraí

Coinníonn an Roinn sonraí pearsanta daltaí a sheolann scoileanna iarbhunioideachais ar ais go mbeidh an dalta in aois 25 agus beidh sé faoi réir ag athbhreithniú ina dhiaidh sin.

Iarratais ar chóipeanna de na sonraí

Is féidir le dalta nó le duine atá údaraithe lena dhéanamh, cóip d'aon sonraí pearsanta atá stóráilte ar an P-POD a iarraidh. Is féidir é sin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh leis an scoil ina bhfuil an dalta cláraithe nó trí dhul i dteagmháil go díreach leis an Roinn. Is féidir iarratais ar chóipeanna de na sonraí a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Rannóg Bunachar Sonraí P-POD, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolas maidir le próiseáil sonraí pearsanta daltaí iarbhunioideachais na Roinne le fáil [i gCiorclán 47/2010 Fógra maidir le Próiseáil Chothrom na Roinne](#).

Tá bileog eolais faoi P-POD i bhformáid Ceisteanna a Chuirtear go Minic (FAQ) ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne, féach

<http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/An-Tionscadal-Bunachar-Sonraí-ar-Líne-d'Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/CCanna.html>

TOM DEEGAN
PRÍOMHOIFIGEACH
RANNÓG NA SCOILEANNA

FEABHRA 2016.

Aguisín A (1) – Litir a fhéadfaidh scoileanna a eisiúint ar Thuismitheoirí/chaomhnóirí

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,
Táim ag scríobh chugat ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna atá ag lorg an eolais seo a leanas maidir le náisiúntacht, máthairtheanga agus cúlra eitneach/cultúrtha daltaí ar tairgeadh áit dóibh agus a ghlac le háit i scoileanna iarbhunoideachais don bhliain amach romhainn.

Éilíonn an Roinn an t-eolas seo chun críocha anailíse staitistiúla agus tuairiscithe sna réimsí uilechuimsitheacht shóisialta agus lánpháirtiú daltaí sa chóras oideachais. Tá curtha in iúl ag an Roinn do na scoileanna freisin go ndeachaigh sí i gcomhairle Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i ndáil leis na sonraí atá siad ag iarraidh a bhailiú anois.

Mhol an Roinn do scoileanna nach n-úsáidfídh sí an t-eolas seo ach amháin i bhformáid chomhiomlán chun na críocha thuas luaite, i.e. ní aithneofar dalta ar leithligh. Tá rochtain ar an eolas seo srianta go dtí líon beag ball foirne de chuid na Roinne, líon nach mó ná 15, a thugann tacaíocht teicniúil do scoileanna maidir leis na sonraí sin a bhailiú nó a oibríonn sa réimse a dhéileálann le hanailís staitistiúil. Tá tuilleadh eolais faoi na críocha dá n-éilíonn an Roinn na sonraí seo agus faoin tslí a ndéantar iad a bhainistiú agus a dhaingniú le fáil i gCiorclán 0023/2016 de chuid na Roinne. Tá FAQ faoin úsáid a bhaineann an Roinn as sonraí daltaí iarbhunoideachais ar fáil ar www.education.ie nó tríd a iarraidh ón scoil.

Tá sé curtha in iúl ag an Roinn do scoileanna nach roinnfidh sí sonraí faoi náisiúntacht, Máthairtheanga nó cúlra eitneach/cultúrtha daltaí aonar le haon chomhlacht nó duine lasmuigh den Roinn, ach amháin an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Féadfaidh an CSO teacht ar an eolas a chuirtear ar fáil don Roinn faoi na hAchtanna Staidrimh. Déanann an CSO na sonraí a chuirtear ar fáil ar an tslí sin a bhainistiú ar bhealach daingean agus chuig na caihdeáin chéanna a bhíonn i bhfeidhm don Daonáireamh Náisiúnta.

Tabhair ar aird go bhfuil de chumhacht ag scoileanna faoi reachtaíocht² eolas faoi náisiúntacht dalta a fháil agus féadfaidh siad an t-eolas sin a roinnt leis an Roinn. D'fhonn sonraí faoi theanga dúchais a bhailiú agus a roinnt leis an Roinn, ní mór don scoil toiliú ón tuismitheoir/caomhnóir a fháil. Maidir le cúlra eitneach/cultúrtha an dalta (mar gheall go meastar seo a bheith íogair agus pearsanta³ chun críocha cosanta sonraí) ní mór don scoil toiliú soiléir i scríbhinn a fháil ón tuismitheoir/caomhnóir chun na sonraí sin a bhailiú agus a roinnt leis an Roinn.

Comhlánaigh an fhoirm atá ag gabháil leis seo, le do thoil, agus cuir ar ais chuig an scoil í.

Is mise le meas,

Príomhoide

²An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 ailt 262-266 agus I.R. 317 de 2015 Rialachán Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú), (Uimh.4) (Eolas a Roinnt), 2015.

³ Alt 2 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Ciorclán 0023/2016 - AGUISÍN A (2) FOIRM chun sonraí daltaí a bhailiú agus a chur ar ais ag an scoil chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

AINM NA SCOILE _____

SEOLADH NA SCOILE _____

AINM AN DALTA _____

Dáta Breithe an Dalta _____

Bliain acadúil ina bhfuil an dalta _____

C1: Cad é NÁISIÚNTAUGHT an dalta?⁴ _____

(úsáid BLOCLITREACHA le do thoil)

C2: An bhfuil Béarla nó Gaeilge mar MHÁTHAIRTHEANGA⁵ ag an dalta? -----

(freagair TÁ nó NÍL)

FÉADFAIDH TÚ ROGHA A DHÉANAMH GAN AN CHÉAD CHEIST EILE A FHREAGAIRT.

C3: Cén cúlra eitneach nó cultúrtha lena mbaineann an dalta atá ainmnithe thuas?

Cuir tic in aon bhosca amháin (tá na catagóirí atá in úsáid bunaithe ar an Daonáireamh)

- | | |
|--|--------------------------|
| 1. Éireannach Geal | <input type="checkbox"/> |
| 2. Lucht Siúil Éireannach | <input type="checkbox"/> |
| 3. Romach | <input type="checkbox"/> |
| 4. Cúlra Geal eile | <input type="checkbox"/> |
| 5. Gorm nó Éireannach Gorm – Afracach | <input type="checkbox"/> |
| 6. Gorm nó Éireannach Gorm – aon chúlra Gorm eile | <input type="checkbox"/> |
| 7. Áiseach nó Áiseach Éireannach – Síneach | <input type="checkbox"/> |
| 8. Áiseach nó Áiseach Éireannach – Aon chúlra Áiseach eile | <input type="checkbox"/> |
| 9. Eile, cúlra measctha san áireamh | <input type="checkbox"/> |
| 10. Níl toiliú tugtha | <input type="checkbox"/> |

Sínithe

PRIONTÁIL AN tAINM

DÁTA

Cuirtear foirmeacha comhlánaithe ar ais chuig scoil an dalta

Ba cheart don scoil an fhoirm seo a choimeád chomh fada is a bheidh an dalta ar an rolla agus í a chur ar fáil lena scrúdú ag oifigeach de chuid na Roinne nó Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, más gá.

⁴ Is í an NÁISIÚNTAUGHT roghnaithe a sholáthraíonn an tuismitheoir/caomhnóir (nó dalta a mheastar a bheith inniúil chun é sin a dhéanamh) an náisiúntacht a chuirtear ar fáil. Roghnaítear náisiúntacht beag beann ar cibé an bhfuil an dalta uchtaithe nó an bhfuil dénáisiúntacht aige/aici.

⁵ Ciallaíonn MÁTHAIRTHEANGA an teanga a labhraíonn leanbh mar chéad teanga.

Aguisín B – Sonraí an dalta agus na cuspóirí dá bhfuiltear á bhailiú.

Na sonraí atá riachtanach	Cuspóir	Trácht
Náisiúntacht*	<p>Tá sé seo á iarraidh do chríocha staitistiúla agus tuairiscithe.</p> <p>Bailítear náisiúntacht do dhaltaí sna hearnálacha oideachais agus oiliúna.</p> <p>Bainfear úsáid as na sonraí i bhformáid comhiomlánaithe amháin.</p>	<p>*Is í an náisiúntacht roghnaithe a sholáthraíonn an tuismitheoir/caomhnóir nó dalta a mheastar a bheith inniúil chun é sin a dhéanamh an náisiúntacht a chuirtear ar fáil. Roghnaítear í beag beann ar cibé an bhfuil an dalta uchtaithe nó an bhfuil dénáisiúntacht aige/aici.</p>
An bhfuil Béarla nó Gaeilge mar mháthairtheanga* ag an dalta? (Tá/Níl).	<p>Chun an gá le tacaíocht teanga a aithint.</p> <p>Chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí dul chun cinn agus measúnaithe.</p> <p>Chun freastal ar cheanglais tuairiscithe náisiúnta agus AE.</p>	<p>*Is í an mháthairtheanga an teanga a labhraíonn leanbh mar chéad teanga.</p>
Cúlra eitneach nó cultúrtha an dalta	<p>Chun cuidiú le torthaí atá dírithe ar phleanáil beartais agus tacaíochta do ghrúpaí mionlaigh</p> <p>Monatóireacht agus measúnacht tacaíochta beartais</p> <p>Tá sonraí ar dhaltaí ó phobal an Lucht Siúil riachtanach le caipitíocht fheabhsaithe a leithdháileadh.</p> <p>Tá sonraí maidir leis na Romaigh riachtanach le tuairisciú don AE agus don UN.</p>	<p>Is ar bhonn deonach féinaitheanta atá an aithint maidir le cúlra eitneach agus cultúrtha. Níl sé éigeantach. Tá sé de chead ag tuismitheoirí agus ag daltaí diúltú an t-eolas seo a chur ar fáil.</p> <p>Tá an cheist cosúil leis an gceist atá sa daonáireamh náisiúnta.</p>